Tuismitheoirí na Gaeltachta

Folúntais: Bainisteoir Airgeadais agus Oibríochtaí
Bainisteoir Forbartha x 2

Tá post mar Bhainisteoir Airgeadais agus Oibríochtaí agus dhá phost mar Bhainisteoir Forbartha á dtairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnamh agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tuilleadh eolais ag www.tuismitheoiri.ie

Poist bhainistíochta iad seo agus tá an tuarastal bunaithe ar scála pá d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí (€54,764-€68,970).

Beidh na Bainisteoirí Forbartha freagrach as scéimeanna na heagraíochta a bhainistiú agus a fhorbairt agus beidh foireann d'Oifigigh Forbartha faoina gcúram. Beidh an Bainisteoir Airgeadais agus Oibríochtaí freagrach as córais airgeadais, cuntasaíochta, riaracháin agus oibríochtaí Thuismitheoirí na Gaeltachta a bhainistiú agus a fhorbairt agus beidh foireann Riarthóirí Oifige faoina chúram/cúram.

Beidh an Bainisteoir Airgeadais agus Oibríochtaí lonnaithe i SPLANC! Lárionad Thuismitheoirí na Gaeltachta ar an gCeathrú Rua, Conamara, Co. na Gaillimhe. Beidh na Bainisteoirí Forbartha lonnaithe in aon cheann d'oifigí TnaG i gConamara, Gaoth Dobhair nó Corca Dhuibhne.

Tá tuilleadh eolais faoi na poist seo agus conas iarratas a dhéanamh ag www.tuismitheoiri.ie

Dáta deireanach d'iarratais: Dé hAoine 8 Márta 2024.

Tá sé i gceist ag TnaG liosta ionadaithe a bhunú, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntas sa réimse seo amach anseo.

Is fostóir comhdheiseanna é Tuismitheoirí na Gaeltachta.